Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12456/21**

**ELARG 61**
**COWEB 113**
**DELACT 216**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 7016 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 1.10.2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh cúnamh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 7016 final.

Faoi iamh: C(2021) 7016 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 1.10.2021
C(2021) 7016 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 1.10.2021**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh cúnamh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), dá ngairtear 'an Ionstraim' anseo feasta, na cuspóirí ginearálta agus sonracha, na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnaimh – a mhionsaothraítear a thuilleadh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis –mar aon leis na tosaíochtaí téamacha i dtaca le cúnamh le haghaidh comhar trasteorann idir na tairbhithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis – agus a mhionsaothraítear a thuilleadh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis. Ba cheart an Ionstraim a fhorlíonadh trí chuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh comhair a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3, pointí (a) go (m) agus pointe (r) de agus mír 4, pointí (a) go (j) de.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún dianchomhairliúchán le saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus thacaigh siad go ginearálta le hinneachar an ghnímh le linn an dá chruinniú a reáchtáladh. Cuireadh dréacht den Rialachán Tarmligthe seo ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle freisin. Ina theannta sin, bailíodh barúlacha na ngeallsealbhóirí ar an dréacht- Rialachán Tarmligthe i gcomhthéacs an tsásra aiseolais um Rialáil Níos Fearr le linn na tréimhse idir an 26 Iúil agus an 23 Lúnasa. Fuarthas barúlacha ó cheithre eintiteas (eagraíochtaí idirnáisiúnta, daoine ón tsochaí shibhialta).

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, leagtar amach na cuspóirí sonracha agus na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnamh a bhaineann leis na hábhair a leagtar amach i mír 3, pointí (a) go (m) agus pointe (r) agus i mír 4, pointí (a) go (j) d'Airteagal 3 den Ionstraim agus a mhionsaothraítear a thuilleadh in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1.10.2021**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe a leagan amach le haghaidh cúnamh faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[1], agus go háirithe Airteagal 3(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnaimh in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán 2021/1529.

(2) Ba cheart cuspóirí sonracha agus tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnaimh a fhorbairt a thuilleadh trí fhorálacha breise lena bhforlíontar Rialachán 2021/1529.

(3) Cumhdaítear leis an Rialachán seo cuspóirí sonracha áirithe agus tosaíochtaí téamacha áirithe le haghaidh cúnamh dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 6 de Rialachán 2021/1529,

(4) Chun a áirithiú go nglacfar na cinntí clársceidealaithe agus maoiniúcháin faoi Rialachán 2021/1529 gan mhoill, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na cuspóirí sonracha agus na tosaíochtaí téamacha le haghaidh cúnamh a bhaineann leis na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 3, pointí (a) go (m) agus pointe (r) agus in Airteagal 3, mír 4, pointí (a) go (j) de Rialachán (AE) 2021/1529.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1.10.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*